# Droichead - Bainistiú Iompraíochta Dearfach - An Prionsabal 'Ón gCur Isteach is lú go dtí an Cur Isteach is mó' – Iar-bhunscoil

| Sracfhéachaint |
|---|
| D'fhorbair an Dr Bill Rogers an prionsabal 'ón gcur isteach is lú go dtí an cur isteach is mó' maidir le bainistiú iompraíochta. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige iompraíocht a cheartú gan cur isteach ar ghluaiseacht an cheachta |

## Beagán níos mó faisnéise

Féadann na straitéisí is lú cur isteach meabhrú do scoláirí agus féadann siad scoláirí a threorú agus a cheistiú. Seo a leanas dornán samplaí:

- Neamhaird Bheartach
- Leideanna Neamhbhriathartha
- Roghanna Treoraithe
- Athstiúradh Airde

Baineann an dara céim den leanúntas **le hatreorú**. Tugann an múinteoir an méid a bhfuil sé/sí ag súil leis arís agus athdhíríonn sé/sí aird na scoláirí. Tugann an múinteoir 'am freagartha' do na scoláirí agus ní théann sé/sí i mbun plé nó díospóireachta leis na scoláirí. Is é 'am freagartha' an t-am a thugtar do scoláirí chun ligean dóibh tascanna a chur i gcrích. Is tábhachtach am a thabhairt do scoláirí chun treoracha a phróiseáil. Corruair bíonn múinteoirí ag súil go bhfreagróidh scoláirí do threoracha ar an toirt ach b'fhéidir nach mbeidh scoláirí áirithe ábalta é sin a dhéanamh. Uaireanta is gá siúl leat tar éis treoir a thabhairt agus na scoláirí a fhágáil i mbun a gcuid oibre.


Ina dhiaidh sin, gluaiseann an leanúntas i dtreo cur isteach níos mó trí **iarmhairtí láithreacha nó iarchurtha a shoiléiriú**. Seo a leanas sampla d'iarmhairt iarchurtha: "Má roghnaíonn tú gan do ghuthán a chur i do mhála, beidh tú ag roghnú do Cheann Bliana a fheiceáil tar éis an ranga, sin í riail na scoile, go raibh maith agat."

Sa chéim dheireanach ba cheart na hiarmhairtí láithreacha nó iarchurtha a **chur i bhfeidhm** de bharr mhí-iompraíocht an scoláire. Nuair atáthar ag dul tríd an leanúntas, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach am suaimhnithe a thabhairt do scoláire, agus neamhaird a thabhairt ar iompraíochtaí




CC BY NC

tánaisteacha ar nós casadh súl, etc. Tar éis do scoláirí a niompraíocht a cheartú, is ríthábhachtach **caidreamh oibre a athbhunú leis an scoláire** agus timpeallacht dhearfach foghlama a choinneáil. Liostaítear straitéisí san íomhá thíos; ó na straitéisí is lú cur isteach (Neamhaird Bheartach) go dtí na straitéisí is mó cur isteach (Blocáil agus Comhaontú Páirteach).




Oiliúint Bainistithe Iompraíochta Íseal-leibhéil: Scileanna bainistithe iompraíochta atá bunaithe ar fhianaise, ón Dr Bill Rogers

| Further Information | |
|---|---|
| **Leabhair** | **Suíomhanna Gréasáin** |
| <br>You Know the Fair Rule: Strategies for Positive Effective Behaviour Management and Discipline in Schools by Bill Rogers | https://www.tes.com/magazine/archive/watch-bill-rogers-behaviour-management |